3) Maidir le hAirteagal 38(1) de Threoir 2014/23, arna leasú le Rialachán Tarmligthe 2019/1827, arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn V, pointe 7(b) agus aithris 4 den Treoir sin agus le hAirteagal 4 agus Iarscríbhinn XXI, pointe III.1.1. de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2015 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 842/2011,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfaidh údarás conarthach a éileamh, mar chritéir roghnúcháin agus meastóireachta cáilíochta ar na hiarrthóirí go mbeidh na hoibreoirí eacnamaíocha cláraithe le clár trádála nó le clár gairmiúil, ar choinníoll gur féidir le hoibreoir eacnamaíoch a agairt go bhfuil sé cláraithe le clár comhchosúil sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe.

4) Maidir le hAirteagal 38(1) de Threoir 2014/23, arna leasú le Rialachán Tarmligthe 2019/1827, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 27 den Treoir sin agus Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar údarás conarthach, a chuireann d'oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha a bheith cláraithe le clár trádála nó le clár gairmiúil i mBallstát den Aontas Eorpach, tagairt a dhéanamh, ní don Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV), comhdhéanta de Chóid CPV, ach d'aicmiú NACE Athbhreithniú 2, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle agus Rialacháin (CE) áirithe a bhaineann le réimsí sonracha staidrimh.

5) Maidir le hAirteagal 38(1) agus (2) de Threoir 2014/23, arna leasú le Rialachán Tarmligthe 2019/1827, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 26(2) den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní fhéadfaidh údarás conarthach a cheangal ar gach ball de chomhlachas sealadach gnóthas a bheith cláraithe, i mBallstát, i gclár trádála nó i gclár gairmiúil chun an ghníomhaíocht de ghluaisteáin agus mótarfheithiclí éadroma a chur ar cíos agus a léasú a shaothrú, nó bheadh sin ina shárú ar phrionsabal na comhréireachta arna ráthú leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Treoir sin.

---

(1) IO C 471 an 22.11.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 10 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón High Court (Éire) – Éire) – Eircom Limited v Commission for Communications Regulation**

**(Cás C-494/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí – Seirbhís uilíoch agus cearta na n-úsáideoirí – Treoir 2002/22/CE (an Treoir um Sheirbhís Uilíoch) – Airteagal 12 – Costas agus maoiniú na n-oibleagáidí seirbhíse uilíche a ríomh – Soláthraí aonair na seirbhíse uilíche agus soláthraithe éagsúla seirbhísí teileachumarsáide sa mhargadh – Ualach gan údar a chinneadh)***

(2023/C 7/13)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

High Court (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Eircom Limited

*Cosantóir:* Commission for Communications Regulation

*Páirtithe leasmhara:* Vodafone Ireland Limited, Three Ireland (Hutchison) Limited, Three Ireland Services (Hutchison) Limited

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 12 agus 13 de Threoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2022 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir um Sheirbhís Uilíoch),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear d'oibleagáid leo ar an údarás rialála náisiúnta inniúil, chun a chinneadh an bhfuil ualach gan údar ar oibreoir a bhfuil na hoibleagáidí sin air i gceist leis an nglanchostas d'oibleagáidí seirbhíse uilíoch, scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe an oibreora sin, agus a sheasamh i dtaca le seasamh a iomaitheoirí ar an margadh ábhartha a chur san áireamh.

(1) IO C 431 an 25.10.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Gerechtshof 's-Hertogenbosch – an Ísiltír) – Taxi Horn Tours BV v gemeente Weert, gemeente Nederweert, Touringcars VOF**

**(Cás C-631/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí – Treoir 2014/24/AE – Conarthaí a dhámhachtain – Airteagal 2(1)(10) – Coincheap an "oibreora eacnamaíoch" – Comhpháirtíocht ghinearálta gan pearsantacht dhlítheanach a chuimsiú – Airteagal 19(2) agus Airteagal 63 – Comhghnóthas nó dul i muinín acmhainní eintiteas eile de dhaoine a bhfuil baint acu leis an ngnóthas sin – Airteagal 59(1) – Oibleagáid Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (DUME) amháin nó níos mó a sholáthar – Cuspóir DUME)***

(2023/C 7/14)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Gerechtshof 's-Hertogenbosch

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Taxi Horn Tours BV

*Cosantóir:* gemeente Weert, gemeente Nederweert, Touringcars VOF

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 59(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1)(10) agus Airteagal 63 den Treoir sin, chomh maith le hIarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/7 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2016 lena mbunaítear an fhoirm chaighdeánach don Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar,